Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12714/23

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0392(COD)**
**2022/0391(COD)**

PI 133
COMPET 840
MI 718
IND 450
IA 213
CODEC 1543

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12183/23 + ADD 1 + ADD 2 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15400/22 + ADD 1-5, 15390/22 + ADD 1-5 |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearaí:<br>(a) Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú)<br>(b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 10 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis *an mbeartas maoine intleachtúla agus an t-athbhreithniú ar an gcóras dearaí tionsclaíocha san Aontas* inar iarradh ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh 'chun córais cosanta dearaí an Aontais a nuachóiriú agus chun cosaint dearaí a dhéanamh níos tarraingtí do dhearthóirí agus do ghnólachtaí aonair, go háirithe do FBManna'[1]. Rinne Parlaimint na hEorpa an iarraidh sin a athdhearbhú sa Rún uaithi an 11 Samhain 2021[2].

[1] 12750/20, lch. 8.
[2] 2021/2007/INI.

2. Le cearta dearaidh thionsclaíoch tugtar cosaint don chuma atá ar tháirge. Tá an tarraingteacht amhairc ar cheann de na príomhthosca a théann i bhfeidhm ar an rogha a dhéanann tomhaltóirí nuair is fearr leo táirge amháin seachas táirge eile. Dá bhrí sin, tugann táirgí dea-dheartha buntáiste iomaíoch tábhachtach do tháirgeoirí. Is tionscail diandearaidh beagnach 16 % de OTI agus 14 % de na poist ar fad san Aontas.

3. An 28 Samhain 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún pacáiste reachtach chun nuachóiriú a dhéanamh ar chóras cosanta dearaidh an Aontais atá ann le 20 bliain anuas. Tá an tionscnamh seo ar cheann de phríomhghnéithe Phlean Gníomhaíochta 2020 an Choimisiúin um Maoin Intleachtúil[3].

4. Is éard atá sa phacáiste reachtach na tograí thuasluaite le haghaidh Treoir maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú ar Threoir 98/71/CE)[4] agus le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail[5]. Tá an Treoir atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus tá an Rialachán atá beartaithe bunaithe ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 118 CFAE.

5. Is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a áirithiú le haghaidh dearaí a rachaidh chun tairbhe don fhás laistigh den Aontas, lena gcuirfear iomaíochas gnólachtaí chun cinn agus lena dtugtar aird iomlán ar leasanna na dtomhaltóirí. Faoin athbhreithniú, féachtar leis an nuálaíocht a chur chun cinn trí *acquis* dhearthaí an Aontais a chur in oiriúint don aistriú digiteach agus don aistriú glas, agus is é is aidhm dó an córas cosanta dearthaí a dhéanamh níos inrochtana agus níos éifeachtúla, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do dhearthóirí aonair.

6. Chuige sin, sa phacáiste déantar nósanna imeachta clárúcháin a chuíchóiriú agus a nuachóiriú, agus soiléirítear ábhar, sainmhínithe agus raon feidhme na gceart agus na dteorainneacha, go háirithe, d'fhonn raon feidhme na cosanta sa timpeallacht dhigiteach a shonrú a thuilleadh, ar nós comhéadain dhigiteacha ghrafacha úsáideora nó deilbhíní, agus chun nach mbeidh amhras ann i dtaobh cearta dearaidh i gcomhthéacs na priontála 3T.

[3] 13354/20.
[4] 15400/22.
[5] 15390/22.

7. I gcomhréir le hathchóiriú rathúil 2017 ar thrádmharcanna, foráiltear leis an athbhreithniú freisin do chomhchuibhiú nua breise substainteach agus do chomhchuibhiú nós imeachta i réimse na cosanta dearaí ar an leibhéal náisiúnta.

8. I gcomhthéacs an chomhchuibhithe bhreise sin, is é is aidhm don athbhreithniú, go háirithe, an margadh inmheánach le haghaidh páirteanna spártha don deisiú a chomhlánú trí ‘clásal deisiúcháin’ a thabhairt isteach sa Treoir maidir le Dearaí. Ar mhaithe leis an gcomhleanúnachas, déantar an clásal deisiúcháin a bhí i Rialachán 2002 maidir le Dearaí cheana féin a ailíniú le clásal deisiúcháin nua na Treorach athbhreithnithe maidir le Dearaí.

9. An 22 Márta 2023, glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na tograí seo[6].

10. I bParlaimint na hEorpa, tá an obair sa Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) faoi lán seoil. Meastar go nglacfaidh an Pharlaimint a tuarascáil go luath i mí na Samhna 2023.

## II. AN OBAIR I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

11. Cuireadh tús leis an scrúdú ar an bpacáiste sa Mheitheal um Maoin Intleachtúil an 19 Nollaig 2022 faoi Uachtaránacht na Seice, agus thug Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne tús áite dó freisin, agus é mar chuspóir acu go dtiocfaí ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú den Chomhairle (Iomaíochas) an 25 Meán Fómhair 2023.

12. Phléigh an Mheitheal na tograí ag 10 gcruinniú, ar lena linn a pléadh trí théacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an dréachtrialachán agus ceithre théacs chomhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an dréacht-treoir. Scrúdaíodh an measúnú tionchair comhpháirteach a ghabhann leis na tograí ag dhá chruinniú den Mheitheal, an 19 Nollaig 2022 agus an 10-11 Eanáir 2023. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne an dá thogra agus na haidhmeanna lena mbaineann, chomh maith leis na modhanna agus na critéir, agus na roghanna beartais tosaíochta a leagtar amach sa mheasúnú tionchair.

[6] 7835/23.

13. Ag an gcruinniú a bhí aige an 6 Meán Fómhair 2023, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe (Coreper) téacsanna comhréitigh maidir leis an dréacht-treoir agus leis an dréachtrialachán[7], agus chomhaontaigh iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 25 Meán Fómhair 2023 chun go ndéanfaí cur chuige ginearálta a fhormheas i ndáil leis na téacsanna comhréitigh sin.

14. Léirítear sna téacsanna comhréitigh, mar a leagtar amach in ADD 1 agus ADD 2 den Nóta seo iad, iarrachtaí na hUachtaránachta agus na mBallstát cothromaíocht iomchuí a aimsiú idir seasaimh éagsúla na dtoscaireachtaí, agus cuspóirí thuasluaite an togra ón gCoimisiún á gcoinneáil san am céanna.

## III. PRÍOMHGHNÉITHE AN PHACÁISTE CHOMHRÉITIGH

### *i) Sainmhíniú ar 'dearadh' agus 'táirge'*

15. Tríd is tríd, ba dhíol sásaimh an nuachóiriú atá molta ar na sainmhínithe ar 'dearadh' agus ar 'táirge' (in Airteagal 2 den Treoir agus in Airteagal 3 den Rialachán), arb é is aidhm dóibh sainmhínithe agus raon feidhme na Treorach agus an Rialacháin a chur in oiriúint don aistriú digiteach. Mar sin féin, chun na sainmhínithe a dhéanamh níos seasmhaí i bhfad na haimsire, rinneadh roinnt oiriúnuithe ar an téarmaíocht sna téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht (e.g. cuireadh 'neamhfhisiceach' in ionad 'digiteach').

### *ii) Clásal deisiúcháin*

16. Tá plé ar siúl le breis agus 20 bliain a bhaineann leis an gcosaint dearthaí do pháirteanna spártha a chomhchuibhiú, gan aon chomhaontú ann go fóill, rud a chiallaíonn go bhfuil an timpeallacht reachtach a bhaineann leis an ábhar seo fós ilroinnte.

[7] 12183/23 ADD 1 agus ADD 2.

17. Leis an gclásal deisiúcháin, a mhol an Coimisiún a thabhairt isteach in Airteagal 19 den Treoir maidir le Dearaí, bheadh monaróirí in ann comhpháirteanna dearthaí atá faoi chosaint de chuid táirgí casta a tháirgeadh, ar comhpháirteanna iad atá riachtanach chun na táirgí sin a dheisiú. Tá an clásal deisiúcháin atá beartaithe teoranta do pháirteanna 'meaitseáil éigeantach' de chuid táirgí casta atá spleách ar fhoirm; bheadh feidhm aige maidir le gach dearadh a dhéanfar amach anseo agus dhéanfaí foráil ann d'idirthréimhse 10 mbliana chun cosaint na gceart dearaidh atá ann cheana a chosaint.

18. Mheas an Coimisiún gurb é a bhí i gceist leis an gcur chuige 'teacht ar chomhréiteach' sin, atá bunaithe ar chomhairliúcháin chuimsitheacha agus obair ullmhúcháin i gcaitheamh na mblianta fada, ná an chothromaíocht a aimsiú idir cuspóirí léirscaoileadh an mhargaidh, agus leasanna tomhaltóirí agus gnó lena mbaineann. Maidir leis an ailíniú idir an Treoir agus an Rialachán, déanfar raon feidhme an chlásail deisiúcháin in Airteagal 20a den Rialachán a shoiléiriú agus a chur i gcomhréir go hiomlán leis an gclásal deisiúcháin nua sa Treoir.

19. Tar éis plé mionsonraithe a dhéanamh sa Mheitheal, cuirtear an togra bunaidh ón gCoimisiún san áireamh sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, agus measann a lán toscaireachtaí, leis an réiteach sin, go mbaintear amach an comhréiteach iomchuí idir na tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl, i dtaobh raon feidhme an léirscaoilte agus fhad na hidirthréimhse araon. Tháinig sé chun solais sa phlé gur cothromaíocht an-íogair agus leochaileach é an comhréiteach sin idir na leasanna lena mbaineann; agus le haon athrú, slí amháin nó slí eile, sharófaí bunphrionsabal grúpa amháin nó grúpa eile de na toscaireachtaí atá ar aon intinn, agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin i taobh tromlach cáilithe a bhaint amach.

### *iii) Forais le neamh-inchláraitheacht*

20. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra scrúdú na n-iarratas ar dhearaí ar fud an Aontais a bheith faoi réir na bhforas teoranta céanna a bhaineann leis an neamh-inchláraitheacht. Mar sin féin, rinneadh mionchoigeartú ar na forais sin, chun freastal ar iarrataí na dtoscaireachtaí go bhféadfaí aon úsáid mhíchuí a bhaintear as míreanna a chumhdaítear le hAirteagal 6 ter de Choinbhinsiún Pháras nó as suaitheantais eile nó as feathail eile ar leas náisiúnta iad, nó as gnéithe a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha ar leas náisiúnta iad, a chur san áireamh sa chomhthéacs sin (Airteagal 13 den Treoir, Airteagal 25 agus Airteagal 47 den Rialachán).

### *iv) Nósanna imeachta neamhbhailíochta riaracháin*

21. Moltar sa togra ón gCoimisiún nósanna imeachta éigeantacha neamhbhailíochta riaracháin a thabhairt isteach i réimse na ndearaí freisin, ós rud é gur tugadh isteach iad le Treoir (AE) 2015/2436 le haghaidh trádmharcanna. Chuir na toscaireachtaí in iúl go láidir, áfach, go mbeadh oibleagáid maidir leis na nósanna imeachta éigeantacha sin a bhunú le haghaidh dearaí díréireach agus nach mbeadh bonn cirt leis de bharr na riachtanas atá ann faoi láthair. Tharraing siad aird ar líon íseal na nósanna imeachta neamhbhailíochta, go háirithe i bhfianaise na tréimhse bailíochta teoranta do dhearaí, agus ar an bhfíoras go mbeadh ceangal idir formhór na gcásanna neamhbhailíochta agus ceisteanna cóipchirt nó iomaíochta éagóraí, a mbeadh ar na cúirteanna déileáil leo in aon chás.

22. Ionas gur féidir an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na Ballstáit nósanna imeachta náisiúnta a eagrú ar an mbealach is éifeachtúla agus chun nach dtiocfaidh ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo chun cinn, moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir le hAirteagal 31 den Treoir go dtabharfaí isteach na nósanna imeachta neamhbhailíochta riaracháin mar fhoráil neamhéigeantach (i.e. mar chlásal 'féadfaidh').

### *v) Táillí*

23. Moladh sa togra ón gCoimisiún go ndéanfaí cuíchóiriú ar na táillí is infheidhme faoin Rialachán maidir le Dearaí (Iarscríbhinn I) agus, sa chomhthéacs sin, moladh leibhéal na dtáillí áirithe a laghdú agus deireadh a chur leis an gceanglas 'aontacht aicme' le haghaidh iarratais iomadúla, chun go mbeadh níos mó iarratasóirí in ann leas a bhaint as bulc-lascainí.

24. Le linn an phlé ar struchtúr na dtáillí, ba den ríthábhacht é do thoscaireachtaí go leanfaí de chórais inmharthana cosanta dearaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a áirithiú agus go seachnófaí iomaíocht mhíchuí idir na táillí i dtaobh cosaint dearaí ar leibhéal an Aontais agus i dtaobh cosaint ar an leibhéal náisiúnta.

25. Sa chomhthéacs sin, chuir na toscaireachtaí in iúl go láidir gur cheart go leanfadh clárú dearaidh náisiúnta, a mbeadh raon feidhme náisiúnta amháin aige, de bheith i bhfad níos saoire ná dearadh de chuid an Aontais a chlárú, agus nár cheart táillí ar leibhéal an Aontais a bheith inchomparáide leis na táillí ar an leibhéal náisiúnta. Dá ndéanfaí na táillí ar dhearadh Aontais a shocrú ar leibhéal atá coibhéiseach leis na táillí ar dhearadh náisiúnta, ní thabharfaí léiriú leormhaith ar luach coibhneasta níos airde dhearadh an Aontais, agus chuirfí an chothromaíocht iomchuí idir córais cosanta dearthaí an Aontais agus na cinn náisiúnta i mbaol.

26. Ina theannta sin, ba den ríthábhacht é do na toscaireachtaí inbhuanaitheacht airgeadais Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a áirithiú, go háirithe i bhfianaise cúraimí nua a bheith sannta do EUIPO. Thairis sin, i bhfianaise na n-ardleibhéal boilscithe a bhí ann le déanaí, agus chun go mbeifear slán i bhfad na haimsire, chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir gur cheart a bheith cúramach agus athbhreithniú á dhéanamh ar leibhéal na dtáillí, agus nár cheart méid na dtáillí sin a laghdú ag an tráth seo.

27. Cuirtear san áireamh sa chomhréiteach ón Uachtaránacht maidir le leibhéal na dtáillí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dréachtrialachán iad, na breithnithe sin uile lena bhféachtar le freastal orthu ar bhealach cothrom.

### *vi) Trasuí na Treorach*

28. Maidir leis an tréimhse 24 mhí atá beartaithe chun forálacha nua na Treorach a thrasuí sa dlí náisiúnta, leag na toscaireachtaí béim i gcoitinne ar an ngá atá le tréimhse níos faide. Sa téacs comhréitigh, cuireadh síneadh 36 mhí leis an tréimhse trasuí in Airteagal 36 den Treoir.

### *vii) Saincheisteanna eile*

29. Saincheisteanna eile de chineál níos teicniúla a bhaineann leis na pointí seo a leanas:

- Ceanglas ionadaíochta an dearaidh san iarratas agus a nasc leis an dáta comhdúcháin (Airteagal 26 agus Airteagal 28 den Treoir, Airteagal 36 den Rialachán);
- Foilsiú a chur siar (Airteagal 30 den Treoir);
- Prionsabal an charntha maidir le dearadh agus cosaint cóipchirt (Airteagal 23 den Treoir, Airteagal 96 den Rialachán).

Féadfar teacht ar na comhréitigh faoi seach maidir leis na forálacha sin sna téacsanna comhréitigh a leagtar amach in ADD 1 agus ADD 2.

## IV. CONCLÚID

30. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas), ag an gcruinniú a bheidh aici an 25 Meán Fómhair 2023, teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis na téacsanna a leagtar amach in ADD 1 agus ADD 2 a ghabhann leis an Nóta seo, agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.